

SEABHAIC AGUS A SEILG

Sé an Seabhac buidhe a bhíonn i gceist i gcomhnaidhe beagnach ag daoine sa tír seo nuair a luaidh seabhac aca mar sé an t-éan de na broin-éanacha seo againn-ne é is foirleithne dá bhfuil le feiceál. Is mó an t-eolas atá ar an seabhac rua b'fhéidir, i n-áiteanna áiride, ach níl duine a bhfuil dúil aige ar bheith ag faire éanlaith na páirce is na coille nach bhfuil sean eolas aige ar an seabhac buidhe. Is furasta a aithint ar an nós atá aige a bheith ar friota faoi ghorm na spéire, na sgiatháin leathnuichte ar a mhéad, a aghaidh tugtha ar san ngaoith agus agus gan é dá corruige blas ag an séadán, ná beann aige air nó shílfeá nach mbíonn mar nach bhfeictear aon iarracht dá dhéanamh aige ina aghaidh. Bíonn a chosmhalacht air go mbíonn na sgiatháin leagtha anuas ar an sruthlán gaoithe agus é sin dá gcoinnéal suas. Is as an nós aduain seo a baisteadh an friotálaidhe gaoithe air. Is álainn an t-éan an coileach. Tá druim cnó-dhonn aige ceann glas agus eireaball glas, ach is éan droch-cáileamhail é imeasg baillí éanlaith a mbíonn éanacha óga game le cosaint aca. Ach sé fearacht an iomad de dhaoine is bhíonn faoi smál aige é, níl sé chó dona le na thuairisg. Ní bréag ná aibéil é go marbhuigheann an seabhac buidhe éana beaga ach is ar luchóga féir, dar phriompalláin agus feithidí mar iad atá sé a theacht suas cuid mór den am agus chonnacthas é ag sluigeadh dreolán teaspaigh, ní nach locht ar seabhach, ach i n-aíneoin sin is námha ag na héanacha beaga é. Nuair a bhuaileann taom sgréachghaile ealta druideog go tobann is gnáthach gur tús géarfhiadhach an gleo. Siúd amach inéineacht iad ar luas indiaidh an seabhac go ruaigean siad as a ndúthaigh féin é. Cuireann na faoileáin leis na preacáin agus na cathóga uaireanta sa bhfiadhach ach an friotálaidhe beag bíonn sé i gcomhnaidhe indon aca ar fad agus éaluigheann sé slán as na coillte uatha. Ní hiad éanacha na n-ealtan is mó a mbíonn sgannradh ortha roimh an seabhac ach na héanacha aonraic ar leiceann lom an chruic.

Is minic a tig sé anuas mar sguib tinntrighe ar an nglasóg bheag chaoi agus ar shealgairé míoltóg eile a bhíonn a'sealaidheacht ar an gcimín nó chois abhann agus ní tairfe leis an bhfuisseog é a eitligheas i n-airde a abfad ón bfasgadh. Ní miste leis an seabhac buidhe lán iogáin béile de conablach má thárluigheann sé air. Chonnaic mé ar carn aoiligh agus snag breac marbh ina crúba. Ba doiligh a rádh cinnte gurbh é féin a mharbhuigh é ach nuair a sgrannruigheadh é d'imthigh sé thar claidhe go páirc eile agus thug sé an snag breac leis is na crúba. Bhí a shean ualach air de réir chosmhalacht mar is mó a bhfad d'éan an snag breac ná é féin agus is ar éigin a d'éirigh leis balla ceithre dtroigh a sgothadh glan gur tuirling se arís i dtrínse ar an taobh thall é agus d'éalaigh sé as amharc imeasg na sgeach. An duine a chídheadh péire aca agus sleasa aimhréidh garbha lug na coille dá cuartú ag éadan aca ní dhéanfadh sé dearmad go deo ortha, an chaoi a mbíonn siad a' casadh, an chaoi a mbíonn siad ar friota faoi sholus na gréine. Na carraigreacha liatha bíonn siad le feiceál agat futha, agus beanna corcra na gcnoc ag éirigh thar a chéile a bfad níos airde ná na héin ar a' taobh thall díobh. An seabhac rua, tá eolas maith air sin freisin. Is iomdha sin béile breagh a gníos sé de na chearca fraoigh san earrach san áit a gcothuigheann siad ar leicne fraoigh sleibhte

Chill Manntáin. Má bhreathnuigheann tú an t-an-chrúb mór atá ar an seabhac seo tuigfidh tú go binn gan aon mhíniú eile a fhágáil gurbh é an bás atá i ndán don sgalltán, bíodh sé réasúnta mór féin nuair a ghreamuigheann na crúba seo go daingean é.

Tá an Seabhac gorm ina an-éan seilge. Cothuigheann sé áiteanna agus tá sé lé fágáil i n-iarthar na hÉireann. Ó Flaithearta a sgríobh an leabhar úd Iar-Chonnacht san seachtmhadh aois déag tá tagairt aige ar do neadracha seabhac a bhí ar na halltracha ar Ard Oileán, an t-oileán cladach dána úd atá buailte ar chósta iarthar Condae na Gaillimhe. Deir sé go mbíodh neadracha ag an seabhac chuile bliain ann. Nuair a thug an sgríbhneoir seo cuairt ar an oileán beagán bliain ó shoin bhí an aill-nead i gcomhnaidhe ann agus tá gach uile seans gurbh é an áit ceadna a raibh sí leis na cianta. Nuair a dhruideamar leis an nead phreab na héanacha móra síos amach agus gach le sgréach uatha, d'éirigheadar arís de sheáirse breagh agus na sgiatháin sínte seasta aca gur imthigheadar go hárd ins na spéartha, go ndearanadar fáinní fairsinge timcheall os ár gcionn. Tá ceann aille a bhfuil caitheamh leis os cionn na neide agus is beag rud ann le cur isteach ortha mar nach gcothuigheann duine daonna an t-oileán agus é dhá cosaint ag alltracha árda agus fairrgí fíochmhara.

Tugann siad saoghal cruadhálach do na héanacha aille agus na géabhaí fiadáine féin. Tugann siad cuid aca anuas an uair a bhíos siad ar eilteoig ó thuaidh le haghaidh guir, feadoga, crutaigh, lachain rua, lachain mhara de chuile chineál agus coiníní. Tá blas ag an seabhac gorm ortha uile agus is minic a bhlaiseann sé díobh. Tá broin-éanacha ann nár luadhas fós mar atá an meirliún atá a shíolrú fós ins na sléibhte fíor-uaigneacha, préachán na gcearc agus an préachán muinge. Chídhtear iad seo go minic cé go bhfuil a líon a dhul i laghad. Is gann iad na clabháin ghoblach, an seabhac Graonlannach, an seabhac Íoslannach, agus is fánach cuairt dá thabhairt ar Éireann aca cuairt nach ndéanaid d'aon turas. Ach an rí éan ortha uile an fír-éan an tiolar órdha. Tá sé a' síolrú fós san iarthar is na dúthaigh is fiadhaine, uaignighe ann. Ach tá líon an chineál a' dul i laghad bliain ar bhliain agus is gearr nach mbeidh oighre ar an éan seo le fágáil i nÉirinn.